
# Cruth agus spás: Cruth – Moltaí don timpeallacht foghlama






## SMAOINTE DON SEOMRA RANGA

- Croch póstaeir nó cruthaigh taispeántais ina bhfuil cruthanna éagsúla, a n-ainmneacha agus a n-airíonna. Bíodh earraí fíorshaoil a léiríonn gach cruth san áireamh chun cabhrú leis na páistí naisc a chruthú, agus taispeáin obair na scoláirí a bhaineann le cruthanna.
- Cuir réimse láimhseog agus uirlisí cruthanna ar fáil don iniúchadh praiticiúil, mar shampla, patrúin bhloic, tangraim, solaid chéimseatúla, agus puzail cruthanna. Lig do na páistí iad seo a fhiosrú gan srian.
- Cruthaigh boscaí céadfacha ina bhfuil ábhair cosúil le rís, gaineamh, nó cruthanna cúir. Cuir cruthanna 3-T i bhfolach laistigh de na hábhair chéadfacha agus spreag na páistí le dul i mbun tochailte agus i mbun fiosraithe lena n-aimsiú. Bain úsáid as an ngníomhaíocht leis an aitheantas agus stór focal cruthanna a athneartú.
- Socraigh stáisiúin sórtála cruthanna le ciseáin nó coimeádáin a bhfuil cruthanna éagsúla orthu. Cuir réimse earraí nó cártaí ar a bhfuil pictiúir ar fáil do na páistí ionas gur féidir leo iad a shórtáil bunaithe ar a gcruthanna nó a gcuid airíonna. Spreag iad lena gcritéir sórtála a mhíniú dá gcomhscoláirí.
- Úsáid bogearra cláir bháin idirghníomhaigh nó aipeanna le páistí a dhéanamh gníomhach i gcluichí, quizeanna agus gníomhaíochtaí a bhaineann le cruthanna. Déan láimhseoga fíorúla agus uirlisí tarraingthe cruthanna a chomhtháthú le cur le heispéiris foghlama.
- Cruthaigh cúinne compordach léitheoireachta ina bhfuil bailiúchán leabhar pictiúr agus leabhar scéalta a bhfuil cruthanna mar théamaí nó mar charachtair iontu. Spreag na páistí leis na leabhair seo a fhiosrú go neamhspleách nó le linn seisiúin am scéalaíochta.
- Spreag na páistí lena gcuid taispeántas nó samhlacha cruthanna féin a chruthú ag baint úsáid as ábhair ealaíne agus soláthairtí seomra ranga. Taispeáin a gcuid saothar timpeall an tseomra ranga lena dtuiscint ar chruthanna agus cruthaitheacht a léiriú.





## SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA

- Cuir gníomhaíochtaí cruthanna chun cinn i dtimpeallacht níos leithne na scoile, m.sh., *tionóil a bhfuil cruthanna mar théamaí orthu nó comórtais mhatamaitice a dhíríonn ar chruthanna, tabhair cuireadh do na páistí páirt a ghlacadh i bparáid cruthanna ina ngléasann siad suas mar na cruthanna nó carachtair chéimseatúla is fearr leo.*
- Coimeád taispeántas ealaíne ina bhfuil saothair ealaíne na bpáistí a bhfuil cruthanna agus céimseata agus obair ealaíontóirí ar nós Piet Mondrian mar inspioráid leo. Taispeáin pictiúir, líníochtaí, dealbha, agus saothair ealaíne eile a chruthaigh na páistí le linn ranganna ealaíne nó mar chuid de thionscadail bunaithe ar chruthanna. Tabhair cuireadh do thuismitheoirí agus do bhaill an phobail freastal ar an taispeántas agus cruthaitheacht na bpáistí a cheiliúradh.
- Tabhair cuireadh do chuairteoir a oibríonn le cruthanna agus le hairíonna cruthanna ina ghairm teacht chuig an scoil. Ailtire, dearthóir intí, tógálaí, innealtóir sibhialta, siúinéir, dearthóir gairdíní, ealaíontóir, srl.
- Eagraigh comórtas grianghrafadóireachta cruthanna ar scoil ina nglacann na páistí grianghraif de na cruthanna atá sna suíomhanna agus sna gnéithe éagsúla ina dtimpeallacht scoile. D'fhéadfadh sé go mbeidís in ann pictiúr a ghlacadh ina bhfuil an iliomad cruthanna éagsúla agus póstaer a chruthú ar féidir ceisteanna cruthanna nó 'Feicim le mo shúile beaga cinn' a cheangal leis.







Arna fhorbairt i gcomhar le **Aaron Carroll, Múinteoir Bunscoile, Co. an Chláir**